AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2021
COM(2021) 308 final

2021/0143 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle lena n-osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021–2023[1], glacadh é an 13 Samhain 2020.

Is é is cuspóir don Rialachán an t-iomaíochas i dtionscal próiseála an Aontais a áirithiú agus a áirithiú nach gcuirfear táirgeadh táirgí iascaigh an Aontais i gcontúirt trína áirithiú go bhfuil soláthar leordhóthanach aige. Chuige sin, déantar dleachtanna allmhairiúcháin ar roinnt táirgí a laghdú nó a chur ar fionraí leis an Rialachán, laistigh de cuótaí ar mhéid iomchuí. Cinntear leis freisin cé na hoibríochtaí próiseála ('oibríochtaí cáilitheacha') ar féidir cuótaí a úsáid leo.

An 31 Eanáir 2020, d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach. Bunaíodh an Rialachán ar an mbonn tuisceana go dtabharfadh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhaontú saorthrádála i gcrích a mbeadh feidhm aige ó dheireadh na hidirthréimhse, ionas go bhféadfaí an sreabhadh trádála eatarthu a choinneáil ar bun agus nach mbeadh aon dleacht allmhairiúcháin i bhfeidhm. Na Tíortha agus na Críocha thar Lear de chuid na Breataine, níl siad comhlachaithe leis an Aontas a thuilleadh ná ní bhaineann a n-onnmhairí táirgí iascaigh chuig an Aontas leas as laghduithe taraife a thuilleadh cé go bhforáiltear leis an gComhaontú Trádála agus Comhair[2] maidir le rochtain le haghaidh táirgí iascaigh atá saor ó dhleacht agus ó chuóta.

Na prótacail dhéthaobhacha bhreise le Ríocht na hIorua[3] agus leis an Íoslainn[4], ar prótacail iad lena bhforáiltear maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh, chuaigh siad in éag an 30 Aibreán 2021. Ós rud é nár tugadh an chaibidlíocht maidir le cuótaí nua i gcrích faoin am sin, d'fhéadfadh easpa táirgí saor ó dhleacht le haghaidh próiseála a bheith os comhair thionscal an Aontais.

Is gá, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle a leasú chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bhaineann leis na Tíortha agus na Críocha thar Lear de chuid na Breataine a scaradh le córas trádála na dTíortha agus na gCríoch thar Lear de chuid an Aontais agus ar na hiarmhairtí a bhaineann le dul in éag na bprótacal breise leis an Iorua agus leis an Íoslainn.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá an tionscnamh seo i gcomhréir le beartas comhsheasmhach an Aontais le 20 bliain anuas maidir le soláthar leordhóthanach táirgí iascaigh a chinntiú dá thionscal próiseála.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Airteagal 31 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

### • Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Tagann dleachtanna na Comhtharaife Custaim faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

1 IO L 385, 17.11.2020, lch. 3.
2 IO L 444, 31.12.2020, lch. 14.
3 IO L 141, 28.5.2016, lch. 22.
4 IO L 141, 28.5.2016, lch. 18.

• **Comhréireacht**

Tá an cinneadh beartais comhréireach, toisc nár údaraíodh ach méid teoranta le haghaidh gach táirge, agus an ráta úsáide cuótaí, cothrom iomaíochta idir táirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí nach táirgeoirí de chuid an Aontais iad, breisluach agus fabhair thrádála eile á gcur san áireamh.

• **Rogha ionstraime**

Is iomchuí leas a bhaint as an gcineál céanna gnímh atá á leasú, i.e. Rialachán ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA

• **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

• **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Sular glacadh Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le táirgeoirí de chuid an Aontais, próiseálaithe de chuid an Aontais agus údaráis na mBallstát idir mí Eanáir agus mí an Mhárta 2020 trí bhíthin ceistneora. An 29 Feabhra 2020, chuir sé an próiseas faoi bhráid na Comhairle Comhairlí um Margaí, ina bhfuil ionadaíocht ag na páirtithe leasmhara uile (tionscal agus eagraíochtaí neamhrialtasacha).

Tá an Rialachán cothrom agus bunaíodh é ar anailís fhíorasach oibiachtúil ar na sonraí agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil. Ráthaítear soláthar leordhóthanach iomaíoch leis le haghaidh thionscal próiseála an Aontais, agus leas tháirgeoirí éisc an Aontais á chur san áireamh. Tar éis a ghlactha, áfach, d’iarr roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara taraif-chuótaí uathrialacha nua chun aghaidh a thabhairt ar chailliúint na córa fabhraí le haghaidh táirgí iascaigh de thionscnamh na dTíortha agus na gCríoch thar Lear de chuid na Breataine agus ar dhul in éag na córa fabhraí le haghaidh táirgí de thionscnamh na hIorua agus na hÍoslainne.

Tá an togra seo bunaithe ar ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara agus an Rialachán á ghlacadh.

• **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

• **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair. Is é is aidhm don togra leasú a dhéanamh ar an Rialachán atá ann faoi láthair, a rachaidh in éag ag deireadh 2023. Níl aon ghá le measúnú tionchair dá bhrí sin. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle, áfach, le páirtithe leasmhara an Aontais roimh dóibh an togra a chur faoi bhráid mheitheal na Comhairle lena phlé, sula nglacfaidh an Chomhairle é.

• **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

• **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl tionchar buiséadach ag an togra ar an gCoimisiún. Tá tionchar buiséadach ag an togra ar ioncam an Aontais i dtéarmaí dleachtanna custaim a cailleadh, dleachtanna a bhaileofaí ar tháirgí allmhairithe. Baineann cuóta amháin atá beartaithe le táirge atá faoi réir dhleacht NBF

6 % (scuideanna) faoi láthair. Baineann cuóta eile atá beartaithe le táirge atá faoi réir dhleacht NBF 20 % (scadáin faoi sháile). Baineann dhá chuóta eile atá beartaithe le táirgí a thairbhíonn d'fhionraí taraife idir an 15 Feabhra agus an 15 Meitheamh. Le linn na coda eile den bhliain, bíonn scadáin reoite faoi réir dhleacht NBF 15 % agus bíonn ronnaigh reoite faoi réir dhleacht NBF 20 %. Baineann dhá chuóta eile le táirgí atá faoi réir dhleacht NBF 15 % agus ceann amháin le dleacht NBF 18 %.

## 5. EILIMINTÍ EILE

**• Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach.

**• Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Tá sé beartaithe an Rialachán a leasú trí chuótaí bliantúla nua saor ó dhleacht a thabhairt isteach mar a leanas:

Scuideanna Patagónacha (*Loligo gahi*) (cód CN ex 0307 43 35) — 75 000 tona

Ós rud é nach gcumhdaítear na Tíortha agus na Críocha thar Lear de chuid na Breataine a thuilleadh le Cinneadh an Aontais maidir le Comhlachas Thar Lear agus nach dtairbhíonn siad a thuilleadh de rochtain ar an Aontas atá saor ó dhleacht agus ó chuóta, tá allmhairí scuideanna Patagónacha ó Oileáin Fháclainne faoi réir dhleacht 6 % *erga omnes* ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann;

Scadáin atá leasaithe faoi sháile (ex 1604 12 91 agus ex 1604 12 99) — 15 000 tona (glanmheáchan silte)

Chuaigh cuóta 09.0750 in éag an 30 Aibreán 2021;

Scadáin (*Clupea harengus*, *Clupea pallasii*), reoite, seachas filléid éisc agus feoil eile éisc atá faoi cheannteideal 0304 agus seachas aenna agus eochraí, lena bpróiseáil (ex 0303 51 00) — 10 000 tona

Chuaigh cuótaí 09.0710 agus 09.0812 in éag an 30 Aibreán 2021;

Ronnaigh den speiceas *Scomber scombrus* agus *Scomber japonicus*, reoite, iomlán, seachas aenna agus eochraí (ex 0303 54 10) — 15 000 tona

Chuaigh cuóta 09.0712 in éag an 30 Aibreán 2021;

Speicis éagsúla éisc reoite (0303 55 30, ex 0303 55 90, 0303 56 00, 0303 69 90, 0303 82 00, 0303 89 55, 0303 89 90) — 3 300 tona

Chuaigh cuóta 09.0713 in éag an 30 Aibreán 2021;

Filléid agus flapaí scadán (*Clupea harengus*, *Clupea pallasii*), reoite (0304 86 00 agus ex 0304 99 23) — 25 000 tona

Chuaigh cuóta 09.0714 in éag an 30 Aibreán 2021;

Filléid péirsí mara (*Sebastes* spp.), úr nó fuaraithe (0304 49 50) — 1 300 tona

Chuaigh cuóta 09.0811 in éag an 30 Aibreán 2021.

2021/0143 (NLE)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle, osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus foráiltear maidir leis an mbainistiú sin[1]. Cinneadh méideanna iomchuí le haghaidh gach taraif-chuóta chun a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach chuig tionscal an Aontais le haghaidh na tréimhse sin.

(2) Faoi láthair, braitheann soláthairtí táirgí iascaigh áirithe de chuid an Aontais ar allmhairí ó thríú tíortha. Le deacáidí beaga anuas, d’éirigh an tAontas níos spleáiche ar allmhairí chun tomhaltas táirgí iascaigh ann a shásamh. I dtreo nach gcuirfear táirgeadh táirgí iascaigh an Aontais i gcontúirt agus chun soláthar leordhóthanach a áirithiú chuig tionscal próiseála an Aontais, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin a chur ar fionraí i gcás scuideanna Patagónacha, scadáin atá leasaithe faoi sháile, scadáin reoite, ronnaigh reoite, filléid reoite agus flapaí scadán, filléid phéirsí mara agus speicis éagsúla éisc reoite laistigh de tharaif-chuótaí ar mhéid iomchuí.

(3) Tá feidhm shealadach ag an gComhaontú Trádála agus Comhair[2] idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe ón 1 Eanáir 2021. Leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, foráiltear maidir le rochtain le haghaidh táirgí iascaigh tionscnaimh atá saor ó dhleacht agus ó chuóta. Na Tíortha agus na Críocha thar Lear de chuid na Breataine, áfach, níl siad comhlachaithe leis an Aontas a thuilleadh ná ní bhaineann a n-onnmhairí táirgí iascaigh chuig an Aontas leas as laghduithe taraife a thuilleadh.

(4) Thairis sin, na prótacail dhéthaobhacha bhreise leis an Iorua[3] agus leis an Íoslainn[1], ar prótacail iad lena bhforáiltear maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus

[1] Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin (IO L 385, 17.11.2020, lch. 3).

[2] An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 444, 31.12.2020, lch. 14).

[3] Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne (IO L 141, 28.5.2016, lch. 18).

iascaigh, chuaigh siad in éag an 30 Aibreán 2021. Ós rud é nach dtabharfar an chaibidlíocht le haghaidh cuótaí nua i gcrích sula rachaidh na prótacail dhéthaobhacha bhreise in éag, d'fhéadfadh sé go gcruthódh sé sin easpa maidir le hábhair iascaigh atá saor ó dhleacht lena bpróiseáil san Aontas.

(5) Is gá, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2020/1706 a leasú chun iarmhairtí tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas a leigheas a mhéid a bhaineann le cailliúint stádas fabhrach na dTíortha agus na gCríoch thar Lear agus chun na hiarmhairtí a bhaineann le dul in éag na bprótacal breise leis an Iorua agus leis an Íoslainn a leigheas.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2021.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) d'Airteagal 4(4):

'(b) fáinní a ghearradh de agus stiallacha a ghearradh de le haghaidh ábhair faoi chóid CN 0307 43 35, 0307 43 91, 0307 43 92 agus 0307 43 99;';

(2) déantar an Iarscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

1 Prótacal Breise a ghabhann leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Ríocht na hIorua (IO L 141, 28.5.2016, lch. 22).